



Ceannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Conradh Buan

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Faoi láthair tá TG4 ag earcú Ceannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach Gaeilge den scoth a bheith agat, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó gur duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlráí éagsúla.

Ag freagairt don Ard-Stiúrthóir, beidh an Ceannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha i gceannas ar an bhfeidhm iriseoireachta i TG4 a fhorbairt, a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú.

Beidh an té a n-éireoidh leis freagrach as an obair seo a leanas maille le cúraimí eile:

- Straitéis iomlán Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4 a fhorbairt agus a threorú i gcomhthéacs straitéis lucht féachana TG4.
- An caidreamh agus an t-aontú le RTÉ a bhainistiú agus a fhorbairt maidir leis an soláthar nuachta agus cúrsaí reatha a chuireann RTÉ ar fáil faoin Acht Craolacháin 2009.
- Fís eagarthóireachta Nuacht TG4 a fhorbairt sa réimse dhigiteach ilardáin agus tús a chur le foireann iriseoirí a earcú don fhís sin.
- Caidreamh a bhunú agus deiseanna comhoibrithe a lorg le comhpháirtithe iriseoireachta in Éirinn agus thar lear.
- Spreagadh a thabhairt d'iriseoireacht chróga, théagartha.
- Branda Nuacht TG4 a láidriú agus a chur i mbéal an phobail.
- Cultúr Nuacht agus Cúrsaí Reatha TG4 a thabhairt chun cinn a bheidh bunaithe ar chroí-luachanna TG4 - Gaeilge, Cruthaitheacht agus Nuálaíocht, Comhoibriú & Obair Foirne, Solúbthacht, Ionracas & Freagracht agus Seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don lucht féachana.
- Deimhniú go bhfuil dea-chumarsáid i bhfeidhm agus eolas á roinnt taobh istigh de d'fhoireann féin agus i measc do chomhbhainisteoirí agus do chomhghleacaithe.

Nithe atá riachtanach don phost seo. Ní foláir duit:

- Taithí shuntasach eagarthóireachta a bheith agat maidir le nuacht nó cúrsaí reatha ar an teilifís nó i meáin chumarsáide eile.
- Taithí chruthaithe ag leibhéal sinsearach a bheith agat ag plé le hiriseoirí.

- Taithí chruthaithe ag leibhéal sinsearach a bheith agat ag bainistiú foirne, ag déanamh idirbheartaíochta agus ag plé le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe.
- Taithí an-mhaith a bheith agat ar ardáin dhigiteacha.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, solúbtha, as do stuaim féin agus a fheidhmíonn go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beidh cur chuige straitéiseach agat i do chuid smaointeoireachta.

Seol do litir iarratais chomh maith le cáipéis (1-3 leathanach) ina léirítear an fhís atá agat don ról mar Cheannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4 chuig cv@tg4.ie nó chuig Oifig an Ard-Stiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, H91 X4T0, roimh 4pm Dé Céadaoin an 28 Meán Fómhair 2022.